

Caibidil 2
Bád Seoil agus Bád Mótair – Oibriú Cósta

2.1 Oiliúint

Moltar go bhfaigheann daoine a bhíonn ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí le báid seoil agus báid mhótair oiliúint fheiliúnach. Tá roinnt scéimeanna oiliúna agus cúrsaí ceadaithe ar fáil agus is féidir faisnéis a fháil go díreach ó na soláthraithe cúrsa (féach ar Aguisín 9 le tuilleadh sonraí a fháil faoi na soláthraithe de chúrsaí).

2.2 Pleanáil d'Aistear

Tá gá le pleanáil éigin do gach aistear is cuma cén aidhm, cén fad, nó cén achar atá i gceist. Éilíonn SOLAS V (féach Fógra Mara Uimh. 9 de 2003) go ndéanann gach úsáideoir d'árthaí áineasa a théann chun farraige machnamh ar na rudaí seo a leanas:

- Réamhaisnéis na haimsire (féach ar Aguisín 6)
- Eolas faoin taoide
- Cumas an bháid agus an chriú atá ar bord
- Bealach pleanáilte ag baint úsáide as cairteacha agus eolas píolótaíochta mar is gá.

Freisin, tá sé tábhachtach a bheith cinnte i gcónaí go bhfuil a fhios ag duine ainmnithe atá i dtír faoin aistear atá beartaithe, faoi na hamanna fágála agus fillidh, agus go mbíodh gnáthamh i bhfeidhm chun rabhadh a thabhairt más gá. Féach Aguisín 8 le haghaidh sampla de theimpléid chun turas/aistear a phleanáil.



2.3 Faisnéisiú agus Seiceáil Sábháilteachta roimh imeacht

- Bíodh eolas agat ar réamhaisnéis na haimsire don cheantar.
- Nuair a bhíonn an t-inneall á sheiceáil ba cheart na leibhéil ola, an fuarthán agus na cúltacaí breosla a chur san áireamh freisin.
- Sula dtosaíonn aistear farraige ar bith ba cheart don chaptaen a chinntiú go dtuigeann gach duine atá ar bord na gnáthaimh éigeandála seo a leanas:
  - Stuáil agus úsáid trealaimh shábháilteachta phearsanta, cosúil le GSP/seaicéid tarrthála, éadaí do dhrochaimsir, baoithe tarrthála agus gléasanna comhraic dóiteáin
  - Áis chabhrach is ea plean simplí den bhád ag léiriú suímh an trealaimh sábháilteachta uile agus é a chrochadh in áit fheiceálach
  - Ba cheart an duine ainmnithe atá i gceannas ar gharchabhair a chur in aithne do gach duine ar bord
  - Suíomh agus úsáid de threalamh loingseoireachta.

Chomh maith leis na rudaí thuasluaite, ba cheart don chaptaen cruinniú faisnéise níos mine a bheith aige/aice le duine amháin eile ar a laghad a bheidh ag dul ar an aistear maidir leis na nithe seo a leanas:

- Suíomh na raftaí tarrthála agus an modh chun iad a chur ar snámh
- Gnáthaimh chun daoine a tharrtháil ón uisce (féach ar Chaibidil 11)
- Suíomh agus úsáid an trealaimh chomhraic dóiteáin
- Gnáthaimh agus feidhmiú an trealaimh cumarsáide
- Suíomh na lasc loingseoireachta agus solais
- An modh chun an príomh-inneall a thosú, a stopadh agus a rialú
- An modh loingseoireachta le dul chuig áit fheiliúnach ar mhaithe le sábháilteacht.

Glactar le cártaí sábháilteachta mar mhodh leis an bhfaisnéis thuas a sholáthar.

2.4 Trealamh sábháilteachta molta

Ar bháid seoil agus mótarbháid níos lú ná 13.7 méadar ar fad, ba cheart don trealamh sábháilteachta a bhíonn á iompar feidhm agus ceantar oibrithe an bháid a léiriú.

Chun críche an Chóid seo, rangaítear báid seoil agus mótarbháid i sé chatagóir, agus as na catagóirí sin tagraíonn ceithre cinn d'uiscí cósta agus áirítear iad sa Chaibidil seo. Pléitear an dá chatagóir eile i gCaibidil 3.

Pléann na ceithre chatagóir sa chaibidil seo réimse feidhmithe ar leith agus tá siad bunaithe ar neart na gaoithe agus tonnairde shuntasach. Ba cheart a thabhairt faoi deara áfach, go bhféadfadh an tonnairde agus neart gaoithe iarbhír

lena théann catagóirí dearaidh den chineál seo i ngleic leo a bheith níos mó uaireanta.

Ba cheart go mbeadh a fhios ag úinéirí bád faoin gcatagóir lena mbaineann a árthaigh, bunaithe ar an úsáid atá le baint as agus an ceantar a bheidh sé in úsáid ann, mar aon le bheith cinnte go bhfuil an trealamh sábháilteachta atá riachtanach ar an mbád. Tá liosta de agus cur síos ar chatagóirí na árthaí sna hailt a leanas. Molann Tábla E cineál agus méid an trealaimh ar cheart d'árthach i ngach catagóir a iompar sna réimsí feidhmithe faoi seach.

Tá faisnéis ar fáil in Aguisíní 4 agus 6 maidir le hancaireacht, cobhsaíocht agus láimhseáil báid, an aimsir, staid na farraige agus taoidí faoi seach.

2.4.1 Catagóir A – Aigéan

Go ginearálta bheadh báid sa chatagóir seo níos mó ná 10 méadar ar fhad agus -

- Téann siad ar aistir aigéin,
- Tá siad in ann déileáil le farraigí níos airde ná 4 méadar in airde, agus fórsa gaoithe níos mó ná 8 ar an scála Beaufort.

2.4.2 Catagóir B – Amach ón gCósta

Go ginearálta bheadh báid sa chatagóir seo níos mó ná 7 méadar ar fad agus -

- Bíonn na báid seo ag cúrsáil thart ar chóstaí na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus Iarthuaisceart na hEorpa,
- Téann siad ar thurais idir 50 agus 500 míle amach ón gcósta,
- Tá siad in ann déileáil le farraigí suas le 4 méadar ar airde, agus fórsa gaoithe suas le 8 ar an scála Beaufort.

2.4.3 Catagóir C – Cois Cladaigh

Go ginearálta bheadh báid sa chatagóir seo níos mó ná 5 méadar ar fad agus –

- Feidhmíonn siad laistigh de 10 míle ón talamh, agus bíonn siad i gcónaí thart ar ceithre huaire ó chuan sábháilte ar furasta teacht air i gcónaí agus in aon choinníollacha taoide,
- Tá siad in ann feidhmiú i bhfarraigí suas le 2 méadar ar airde, agus fórsa gaoithe suas le 6 ar an scála Beaufort.

2.4.4 Catagóir D – Uiscí faoi fhoscadh

Go ginearálta bheadh na báid sa chatagóir seo:

- Ag feidhmiú ar inbhir thaoidmheara, nó uiscí cósta cois cladaigh cóngarach do chuan sábháilte;
- Ní bhíonn siad ach in úsáid i rith an lae, ach amháin má tá na soilse riachtanacha a chloíonn leis na Rialacháin Imbhuailte (féach ar Aguisín 1), nó fodhlíthe loingseoireachta áitiúla;
- Tá siad in ann feidhmiú i bhfarraigí suas le 0.3 méadar ar airde le tonnta seachránacha de 0.5 méadar ar a uasmhéid, agus fórsa gaoithe suas le 4 ar an scála Beaufort.

2.5 Seicliosta de Threalamh Sábháilteachta

Leagtar amach an cineál agus méid trealaimh mholta ar chóir a iompar i gcomhair gach cineál árthaigh i dTábla E. Ba chóir féachaint ar an leibhéal trealaimh mholta mar íosmhéid. Moltar d'úinéirí báid a threalmhú ar chaighdeán níos airde.

Ba chóir go gcuirfeadh mairnéalaigh múchtóir dóiteáin agus VHF láimhe sa chúldeic nuair is féidir, ionas go mbíonn fáil éasca orthu i gcás éigeandála agus ionas nach gcaithfear dul faoin deic chun iad a fháil.

Bád seoil agus mótarbhád – Amach ón gCósta/Cois Cladaigh

- Árthach i gCatagóir A – Aigéan
- Árthach i gCatagóir B – Amach ón gCosta
- Árthach i gCatagóir C – Cois cladaigh
- Árthach i gCatagóir D – Cósta faoi fhoscadh

Tábla E: Bád seoil agus mótarbhád – Oibriú Cósta

Cineál Trealaimh		Catagóir Árthaigh agus Méid an Trealaimh			
1. Trealamh tarrthála agus trealamh sábháilteachta pearsanta		**A**	**B**	**C**	**D**
1.1	GSP/seaicéad tarrthála cuí de 150 Newton ar a laghad (CE EN 396/I.S. ENO ISO 12402-3:2006) do gach duine ar bord (féach Aguisín 5).	✓	✓	✓	✓ (100N)
1.2	Úim shábháilteachta/línte tarrthála don chriú ar fad a bhíonn ag obair ar an deic ag am ar bith.	✓	✓	✓	
1.3	Éadach feiliúnach.	✓	✓	✓	
1.4	Culaith thumtha do gach ball den chriú má tá siad ag oibriú i ndomhanleithid thuaisceartacha.	✓	✓		
1.5	Línte an ghiolla ar féidir a rigeáil ar thaobh an chladaigh agus ar thaobh an deasbhoird agus ar féidir iad a leathnú ó dheireadh na cúldeice íochtair go dtí an bord tosaigh, le n-úsáid le línte tarrthála criú.	✓	✓	✓	
1.6	Rafta tarrthála sách mór don chriú ar fad ar bord.*	✓	✓	✓*	
1.7	Mála Sciobtha Rafta Saoil Éigeandála más gá an long a fhágáil.	✓	✓	✓	
1.8	Téad tarraingthe/mála caithimh snámhaigh.	✓	✓	✓	
1.9	Crios tarrthála de chineál crú capaill le solas air. Baoi beag le brat fearastaithe ar chrios tarrthála amháin.	✓	✓	✓	
1.10	Crocháin snámhachta le téad snámhach – is féidir é a fhearastú in ionad crios tarrthála amháin de chineál crú capaill.	✓	✓	✓	
1.11	Dréimire le dul ar bord.	✓	✓	✓	

*Árthaí i gCatagóir C páirteach in aistir chósta thar oíche.

2.	Bladhmanna (iad uile a bheith laistigh den dáta éaga agus treoracha an déantóra le leanúint – féach Caibidil 11)	A	B	C	D
2.1	Bladhmanna guaise láimhe.	(6)	(4)	(4)	(2)
2.2	Bladhmanna bána láimhe.	(4)	(4)		
2.3	Bladhmanna dearga roicéid pharaisiúit.	(12)	(4)	(4)	
2.4	Ceanastair chomharthaíochta le deatach oráiste.	(2)	(2)	(2)	(2)

3.	Raidiónna agus Cumarsáidí (féach ar Aguisín 2 do riachtanais bhreise do Cheantar Farraige A1, A2)	A	B	C	D
3.1	Tarchuradóir raidió daingin le Banda Muirí VHF le háis do GRD (Ceadúnas oibreora riachtanach ón OSM).	✓	✓	✓	
3.2	Banda Muirí le Minicíocht Mheánach/Ardmhinicíocht/Raidió Taobh-Bhanda agus/nó córas satailíte cumarsáide dhomhanda.	✓			
3.3	EPIRB – cineál 406 – cláraithe in ainm an árthaigh.	✓	✓		
3.4	Aonad Trasfhreagróra Raidió – Trasfhreagróra Raidió Cuardaigh agus Tarrthála.	✓			
3.5	Raidió láimhe uiscedhíonach.	✓	✓	✓	✓
3.6	Glacadóir raidió AM/FM, atá in ann réamhaisnéise loingseoireachta agus réamhaisnéise aimsire náisiúnta/áitiúil a fháil.	✓	✓	✓	✓
3.7	Fón póca (i ngabhdán uiscedhíonach).	✓	✓	✓	✓
3.8	NAVTEX.	✓	✓	✓	

4. Comhrac Dóiteáin	A	B	C	D
4.1 Blaincéad dóiteáin – le marc CE air.	✓	✓	✓	#
4.2 Múchtóirí dóiteáin sa bhreis ar mhúchtóir feiliúnach le dul i ngleic le tinte ola i spásanna innill nó buicéad dóiteáin.*	(3)	(3)	(2)	
4.3 Ba chóir na cócaireáin/téitheoirí uile atá ag úsáid Gás Peitriliam Leachtach (GPL) a shuiteáil mar a imlínítear i bhFógra Mara Uimh. 37 de 2017.	✓	✓	✓	✓

Má tá trealamh cócaireachta á iompar

*** Ná himscar an buicéad thar bord fad is atá an bád ag gluaiseacht.**

5. Trealamh Loingseoireachta	A	B	C	D
5.1 Sondálaí Macalla.	✓	✓	✓	
5.2 Compás Stiúrtha.	✓	✓	✓	
5.3 Compás Treo-Uillinne Láimhe.	✓	✓	✓	
5.4 Leabhair Luais.	✓	✓	✓	
5.5 GPS.	✓	✓	✓	
5.6 Frithchaiteoirradair.	✓	✓	✓	
5.7 Bonnán ceo, ceann cumhachtaithe nó ceann aerasóil.	✓	✓	✓	✓
5.8 Baraiméadar.	✓	✓	✓	
5.9 Clog.	✓	✓	✓	
5.10 Déshúiligh.	✓	✓	✓	
5.11 Seiseamhán agus táblaí.	✓			
5.12 Uirlisí líníochta loingseoireachta, rialóir comhthreomhar, rannadóirí nó uirlis rianaithe.	✓	✓		
5.13 Sraith iomlán de shoilse loingseoireachta daingne, soilse ancaireachta san áireamh.	✓	✓	✓	
5.14 Cairteacha, foilseacháin mhairnéalachta agus táblaí taoide feiliúnacha agus suas chun dáta.	✓	✓	✓	

6. Caidéalú Bodharuisce	A	B	C	D
6.1 Caidéal bodharuisce láimhe atá in ann bodharuisce a chaidéalú as urrann uiscedhíonach cabhlach ar bith agus na haistí ar fad dúnta.	(2)	(2)	✓	✓
6.2 Ba cheart pacáiste deisiúcháin iomláin amháin, trealamh breise san áireamh, a iompar.	✓	✓	✓	
6.3 Is féidir múnla láimh-oibrithe a úsáid in ionad caidéal leictreach nó caidéal innill-tiomáinte.	✓	✓		
6.4 Buicéad atá in ann 8-12 lítear a iompar, feistithe le láinnéar rópa.*	✓	✓	✓	✓
6.5 Stopáin bharrchaol déanta de bhogadhmad, suite cóngarach leis na fearais faoi uisce a théann tríd an gcabhail.	✓	✓	✓	
6.6 Tá comhlaí aonraithe le fearastú ar na feistithe uile a théann tríd an gcabhail.	✓	✓	✓	

7. Ancairí agus Téada Tarraingthe	A	B	C	D
7.1 Ancaire le slabhra/téad tarraingthe, mar atá feiliúnach do mhéid an árthaigh, agus coinníollacha ancaireachta an limistéir oibriúcháin.	(2)	(2)	✓	✓
7.2 Ba chóir go mbeadh cluas deice/cuaille Samson athneartaithe go feiliúnach ar an mbord tosaigh, agus modhanna chun an bréidín tosaigh nó téada a dhúnadh nuair a bhíonn an bád ar ancaireacht.	✓	✓	✓	✓
7.3 Soláthair shásúil de théada feistithe agus fiondair. Ba cheart go mbeadh téada feistithe oiriúnacha ina measc más gá an t-árthach a tharraingt ar cheann téide.	✓	✓	✓	✓

8. Trealamh Ginearálta	A	B	C	D
8.1 Modhanna stiúrtha éigeandála, .i. halmadóir do shoithí le roth stiúrtha mar a bpríomhmhodh stiúrtha.	✓	✓	✓	✓
8.2 Tóirse uiscedhíonach, ar féidir é a úsáid do chomharthaíocht freisin.	✓	✓	✓	✓
8.3 Fearas uirlise agus páirteanna breise feiliúnacha don chineál árthaigh atá in úsáid.	✓	✓	✓	✓
8.4 Modhanna tánaisteacha feiliúnacha chun an t-inneall a thosú, lena n-áirítear bataire, an t-inneall a thosú de láimh nó preabsheoláin feiliúnacha.	✓	✓	✓	
8.5 Bosca Garchabhrach feiliúnaí, lámhleabhar Garchabhrach san áireamh.	✓	✓	✓	✓
8.6 Seolta doininne ar féidir iad a rigeáil go tapa, nó go mbeadh áis ann go mbeadh seolta do chúrsa domhain ar luaimh.	✓	✓	✓	
8.7 Bosca deisiúcháin éigeandála le bosca deisiúcháin seolta, cláir níocháin agus cláir fuinneoige bhreise san áireamh.	✓	✓		
8.8 Soláthar éigeandála uisce.	✓	✓		
8.9 Cathaoir an Bhósain.	✓	✓		
8.10 Lámhleabhair treorach do threalamh riachtanach ar shoithí.	✓	✓	✓	
8.11 Bád freastail dolúbtha nó inséidte.	✓	✓	✓	

2.6 Úsáid iomaíoch – Luaimh

Is é Cumann Seoltóireachta na hÉireann (CSÉ) an t-údarás náisiúnta i gcomhair rásaíocht bád seoil in Éirinn. Caithfidh gach úinéir/scipéir árthaigh a ghlacann páirt go hiomaíoch a bheith in mbaill den CSÉ agus ní mór do rásaíocht den chineál sin cloígh le Rialacha Rásaíochta na Seoltóireachta Domhanda maidir le Seoltóireacht, le rialacha an Údaráis Náisiúnta agus le rialacha an Chumainn Ranga ar leith, más imchuí. Nuair a bhuaileann árthach atá ag seoltóireacht de réir na rialacha seo le hárthach nach bhfuil, cloífidh an t-árthach leis na Rialacháin Idirnáisiúnta chun Imbhualadh ar Muir a Chosc (féach Aguisín 1).

Le haghaidh eolais ar threoirlínte agus rialachán sábháilteachta a rialaíonn seoltóireacht, téigh i dteagmháil le Cumann Seoltóireachta na hÉireann nó tabhair cuairt ar a shuíomh gréasáin www.sailing.ie. Féach Aguisín 10 i gcomhair sonraí teagmhála.

2.7 Feidhmeanna na mBád Tumadóireachta

2.7.1 Oiliúint

Moltar d'oibreoirí bád tumadóireachta tabhairt faoi chúrsaí oiliúna ábhartha. Molann an Chomhairle Fo-Thuinn caighdeáin sábháilteachta agus roinnt cúrsaí oiliúna d'oibreoirí bád tumadóireachta (tá sonraí faoi na soláthraithe cúrsa le fáil in Aguisín 9).

2.7.2 Sábháilteacht

Ba cheart go mbeadh oibreoirí bád tumadóireachta inniúil sna nithe seo a leanas:

- Cleachtadh agus taithí a bheith acu ar "thumadóirí a bhaint as an uisce", gnáthamh maidir le

trealamh san uisce a aisghabháil, agus comharthaí láimhe ábhartha.
- Eolas a bheith acu faoi na gnáthaimh ar bord árthaigh, i gcás tumadóir nó beirt thumadóirí a bheith ar iarraidh.
- A bheith in ann garchabhair agus ocsaigin a thabhairt do thumadóir(í) leonta.

2.7.3 Faisnéisiú agus Seiceáil Sábháilteachta roimh imeacht

Ba cheart d'úsáideoirí bád tumadóireachta na réamhchúraimí breise seo a leanas a chur san áireamh freisin:
- Eolas a bheith acu ar réamhaisnéis na haimsire, coinníollacha taoide agus na coinníollacha ar an grinneall ag suíomh an tumtha.
- Bí cinnte go bhfuil a fhios ag gach grúpa céard atá ag tarlú sula bhfágann siad.
- Déan teagmháil le Garda Cósta na hÉireann chun do phlean tumtha a thabhairt dóibh sula bhfágann tú (Slí na Tráchta).
- Comhlánaigh Leabhair Loinge Tumtha do na tumadóirí ar fad (déan nóta nuair a théann duine isteach san uisce agus nuair a thagann duine amach as an uisce).
- Caith GSP/seaicéad tarrthála feiliúnaí nuair a bhíonn tú ag taisteal chomh fada leis an suíomh tumtha agus ar ais ón suíomh tumtha (I.R. Uimh. 921 de 2005).
- Cinntigh go ndéantar tástáil agus seirbhís rialta ar an trealamh tumtha uile.
- Cinntigh go mbíonn an plean éigeandála ar bord agus go bhfuil a fhios ag na tumadóirí uile céard atá ann agus cá bhfuil sé leagtha ar bord.
- Bíodh na buidéil tumtha agus an trealamh uile socraithe in áit dhaingean sula gcuirtear tús leis an aistear. Ba cheart go mbeadh raca buidéal do lastais sna báid tumtha.
- Ní mór an bhratach agus na comharthaí cearta a chur ar taispeáint ionas go mbeidh a fhios ag úsáideoirí bád eile go bhfuil tumadóirí san uisce.
- Cód Idirnáisiúnta na gComharthaí Brat "A". "Tá tumadóir thíos agam, fan siar".

- Ní chóir do bháid tumadóireachta teacht sa bhealach ar chainéil nó bhealaí isteach i gcuanta.

2.7.4 Feidhmiú BID mar Bháid Tumadóireachta
- Nuair a bhíonn daoine amuigh ar an bhfarraige i mBád Inséidte Dolúbtha, ní mór dóibh GSP/seaicéad tarrthála a chaitheamh mar aon lena gcultacha fliucha.
- Cinntigh go bhfuil an bád feiliúnach do líon na ndaoine atá air agus go bhfuil a dhóthain trealaimh air – ná bíodh an iomarca daoine ar an mbád.
- Cinntigh go bhfuil an brú ceart sna feadáin snámhachta uile.
- Daingnigh na buidéil agus an trealamh go léir i gceart.

- Ba chóir don Cheann Feadhna corda chun an inneall a stopadh a chaitheamh nuair atá an bád ag gluaiseacht.

2.8 Cumann Náisiúnta

Tá an Chomhairle Fo-Thuinn mar an gcumann náisiúnta do thumadóireacht agus spóirt faoi thoinn in Éirinn (tá sonraí teagmhála le fáil in Aguisín 10).

2.9 Iascaireacht Pota Neamhthráchtála

Tá gá le ceadúnas i gcomhair potaithe tráchtála gliomach nó portán a eisíonn an tÚdarás Ceadúnúcháin do Bháid Iascaireachta Farraige, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Ionad Náisiúnta Bia Mara, Co. Chorcaí. Is féidir le hárthaí potaithe tráchtála suas le 80 pota a chaitheamh in aon sreang amháin.

Tá cead ag bádóirí áineasa potú neamhthráchtála gliomach nó portán a dhéanamh freisin. Ní féidir ach líon beag potaí a úsáid agus tá an ghabháil ann do bhord an úinéara amháin agus ní don athdhíol tráchtála.

Thug na **Rialacháin um Iascaireacht Pota Neamhthráchtála (Gliomach agus Portán) 2016 (I.R. Uimh. 31 de 2016)**, isteach réimse de bhearta bainistíochta i gcomhair iascaireacht pota neamhthráchtála portán agus gliomach. Tá na bearta i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2016 ar bháid iascaireachta áineasa gan cheadúnas in uiscí inmheánacha nó farraigí críche an Stáit. Áirítear ar na bearta nua:

- Séasúr coiscthe a thabhairt isteach i rith na míonna Deireadh Fómhair, Samhain, Nollaig, Eanáir, Feabhra, Márta agus Aibreán;
- An ghabháil a theorannú go gliomach amháin agus cúig phortán in aghaidh an bháid i dtréimhse 24 uair;
- Éileamh go gcaithfear gach gliomach le heang V agus gach gliomach loite a ghabhann bád a chur ar ais san fharraige gan mhoill;
- Srian de shé phota in aghaidh an bháid ar an uasmhéid san fharraige tráth ar bith; agus
- Cosc a chur ar phortán nó gliomach le crúb eangaithe nó bandáilte a stóráil san fharraige.

Ba chóir go mbeadh oibreoirí bád a dhéanann potú neamhthráchtála san airdeall ar roinnt contúirtí gaolmhara, lena n-áirítear:

- Éifeachtaí díobhálacha ar láimhsiú nó tréithe cobhsaíochta an árthaigh mar gheall ar stuáil lasta mícheart de threalamh potaithe, nó athoiriúnú nó drochshuiteáil de mhíreanna nach bhfuil sa dearadh ar nós tarlóirí hiodrálacha pota;
- An baol a bheith gafa sna línte potaithe nuair atáthar á gcaitheamh;
- Na línte potaithe a bheith cortha sna liáin;
- Baol níos mó ann go dtitear thar bord nuair atáthar ag tarlú/ag caitheamh potaí;
- An baol go n-iompóidh bád béal

faoi nuair atáthar ag fáil pota atá cortha ar ghrinneall an aigéin.

Ba chóir nach ndéanfadh bádóir gníomhartha potaithe neamhthráchtála leis féin. Ba chóir GSP cuí a chaitheamh i gcónaí. Ba chóir go mbeadh duine éigin i dtír ar an eolas faoin áit ina mbeidh an bád ag feidhmiú agus faoin am a mbeidh sé ar ais.

Ba chóir go mbeadh modh oiriúnach le dul ar ais ar bord má thiteann ball an chriú thar bord ag báid a dhéanann potú neamhthráchtála. Dírítear aird freisin ar Fhógra Mara Uimh. 26 de 2016 agus an Treoir Dea-Chleachtais ar Bhaoithe Marcála Pota sna haguisíní.

2.10 Báid Slatiascaireachta Farraige

Tá slatiascaireacht farraige chósta ilchineálach ann ó iascaireacht chósta aonair cois cladaigh i comhair ronnach go comórtais idirnáisiúnta iascaireachta le báid níos mó ag iascaireacht suas le 20 míle san fharraige amuigh i gcomhair speiceas ar nós siorc gorm, go minic i gcoinníollacha deacra nó míchompordacha.

Cé go gceanglaítear ar bháid tráchtála slatiascaireachta ceadúnas báid paisinéirí a bheith acu a eisíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus, mar sin, go bhfuil siad rialaithe, tá roinnt míreanna ann ar chóir d'aon slatiascaire a théann amach ar an bhfarraige nó a théann ag iascaireacht ó bhád a bheith san airdeall faoi:

- Seiceáil go bhfuil an bád oiriúnach don fheidhm. Cinntigh go ndéantar seiceáil roimh imeacht agus go dtugann an Máistir faisnéisiú sábháilteachta roimh imeacht;
- Caith GSP i gcónaí agus tú ag bogadh timpeall na deice oscailte;
- Aithin na contúirtí a bhaineann le bheith ag bogadh timpeall na deice de bhád atá ag gluaiseacht agus bain úsáid as greamáin láimhe oiriúnacha agus na ráillí atá curtha ar fáil i gcónaí;
- Bí san airdeall ar na contúirtí a bhaineann le hiascaireacht, go háirithe agus tú ag láimhseáil duán, tarraingeálacha, geafanna agus oibríochtaí chun na hinní a bhaint as éisc;
- Bí san airdeall ar na gníomhartha cuí leighis i gcás timpiste leis an méid thuas. Ba chóir fearas leighis a iompar ar bord i gcónaí;
- Cuir éadaí cuí ort féin don lá. Bí cinnte go bhfuil éadaí teo agus oléadaí ar fáil.
- Bí san airdeall ar bhaol an ghriandó agus bain úsáid as grianbhac cuí ar chraiceann nocht;
- Bí san airdeall ar bhaol an mhuirghalair. Glac réamhchúraim má tá claonadh agat agus seachain an t-alcól.